C/2026/4077

24.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12503 — GAHL / MERCEDES-BENZ (CERTAIN ASSETS))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4077)

1. An 15 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Global Auto Holdings (Topco) Limited ('GAHL', an Ríocht Aontaithe), faoi lánúinéireacht agus faoi rialú Kuldeep Billan,

— Mercedes-Benz (Certain Assets) AG ('an Spriocghnóthas', an Ghearmáin), faoi rialú Mercedes-Benz Group AG (an Ghearmáin).

Gheobhaidh GAHL rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnóthas.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá GAHL gníomhach i ndáileadh mórdhíola gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma (LCVanna) agus páirteanna spártha de chuid brandaí éagsúla sa Danmhairg agus sa tSualainn, agus i ndáileadh miondíola gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma agus páirteanna spártha nua agus athláimhe trí shuíomhanna díolacháin sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn agus sa tSualainn. Cuireann sé seirbhísí cothabhála, deisiúcháin agus iardhíola ar fáil freisin in Éirinn agus sa tSualainn,

— Tá an Spriocghnóthas gníomhach i ndáileadh miondíola gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua a dhíoltar faoi na brandaí Mercedes Benz agus smart, gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma athláimhe, agus páirteanna spártha sa Ghearmáin. Cuireann sé seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin ar fáil freisin chomh maith le seirbhísí gluaisteán ar cíos.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12503 — GAHL / MERCEDES-BENZ (CERTAIN ASSETS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË